C/2024/6867

28.11.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Tionchar na déimeagrafaíochta ar an Eoraip Shóisialta

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6867)

Rapóirtéir: **Christa SCHWENG**

Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta agus Saoránacht
Dáta a glactha sa rannóg	4.9.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	18.9.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	590
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	154/2/8

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Measann CESE gur dúshlán claochlaitheach eile do shochaí na hEorpa iad treochtaí déimeagrafacha, i dteannta an chlaochlaithe dhigitigh agus an chlaochlaithe ghlais.

1.2. Tá fad saoil, ardleibhéal oideachais agus rathúnais, agus dea-leibhéal sláinte bainte amach i gcuid mhór de na réigiúin san Aontas Eorpach le deicheanna de bhlianta anuas, cé nach bhfuil sé sin bainte amach sna réigiúin ar fad go fóill. Mar sin féin, is iomaí sin dúshlán déimeagrafach a gcaithfidh na Ballstáit uile aghaidh a thabhairt orthu, amhail daonraí atá ag laghdú, rátaí ísle breithe agus míchothromaíocht idir aoisghrúpaí agus réigiúin – míchothromaíocht atá ag dul i méid.

1.3. Bíonn tionchar ag forbairtí déimeagrafacha ar na margaí saothair, ar chórais na bpinsean agus ar an gcóras cosanta sóisialta agus ar staid gheopholaitiúil na hEorpa sa domhan.

1.4. Tá dúshláin ar leith roimh shochaí atá ag dul in aois i gcomparáid le sochaí ina bhfuil dáileadh aoise níos cothroime. Tá sé ríthábhachtach seasamh leis an gceart chun aosú le dínit, mar aon le cur chuige lena gcuirtear an saol iomlán san áireamh, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

1.5. Maidir le bearta CESE chun forbairt shochaíoch níos inbhuanaithe a bhaint amach, áirítear orthu iarrachtaí rátaí breithe níos airde a bhaint amach, leas a bhaint as acmhainneacht iomlán an mhargaidh saothair, an obair a dhéanamh níos tairbhí trí phoist ardcháilíochta agus tháirgiúla a bhfuil pá maith ag gabháil leo a chruthú, dálaí oibre a fheabhsú go háirithe chun tacú le hoibrithe scothaosta, córais phinsin agus chúraim a athchóiriú chun rochtain a áirithiú do chách, feabhas a chur ar chonairí imirce dleathaí a fhaigheann tacaíocht ó bhearta lánpháirtíochta, oibriú i dtreo an comhtháthú aníos réigiúnach agus sóisialta agus anailís a dhéanamh ar na tosca a spreagann daoine chun an tAontas a fhágáil.

1.6. Molann CESE go dtacófaí leis an gCoimisinéir Eorpach um Dhéimeagrafaíocht trí struchtúr iomchuí laistigh den Choimisiún Eorpach, agus go mbunófaí gníomhaireacht Eorpach um dhéimeagrafaíocht chun taighde agus staidreamh sa réimse sin a áirithiú, agus comhar le gníomhaireachtaí atá ann cheana, amhail Cedefop agus Eurofound, agus maoiniú leordhóthanach dóibh a áirithiú ag an am céanna. Bheadh de thoradh air sin go mbeadh sé níos éasca breithnithe maidir leis an déimeagrafaíocht a chur san áireamh sna réimsí beartais agus sna measúnuithe tionchair ábhartha uile.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tá ardleibhéal faid saoil, ardleibhéal oideachais agus rathúnais, agus dea-leibhéal sláinte bainte amach ag an Aontas le deicheanna de bhlianta anuas, ach mar sin féin is iomaí sin dúshlán déimeagrafach a gcaithfidh na Ballstáit aghaidh a thabhairt orthu, lena n-áirítear daonra a bhfuil a leibhéal ina stad nó atá ag laghdú fiú, rátaí ísle breithe agus míchothromaíochtaí idir aoisghrúpaí agus idir réigiúin – míchothromaíochtaí atá ag dul i méid, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le hionchas saoil agus dul in aois go sláintiúil.

2.2. Is rímhór mar a théann forbairtí déimeagrafacha i bhfeidhm ar an margadh saothair, ar chórais phinsin agus cosanta sóisialta, ar an tsochaí, agus freisin ar thionchar na hEorpa sa domhan trí chéile. De thoradh na treochta atá ann faoi láthair, tá sé ag éirí thar a bheith dúshlánach an fhorbairt inbhuanaithe a chothú. Ba cheart gurbh é an sprioc a bheadh ann forbairt chobhsaí – agus forbairt inbhuanaithe dá bhrí sin – a dhéanamh ar an daonra agus ar an lucht saothair.

2.3. Tháinig méadú ar dhaonra AE27 ó 355 mhilliún in 1960 go 447 milliún in 2022. Ó 1960 i leith, tá méadú beagnach faoi thrí tagtha ar dhaonra an domhain; dá bhrí sin, tá sciar AE27 de dhaonra an domhain tar éis titim ó 11.7 % go 5.6 %, agus leanfar den titim sin – go 4 % faoi 2100 ([1]). I ndearbhthéarmaí, is ar éigean a tháinig fás ar dhaonra an Aontais ó 2010 i leith agus beidh sé ina stad ar an leibhéal atá ann faoi láthair go 2050 agus laghdóidh sé ansin go 419.5 milliún áitritheoir faoi 2100 ([2]). I naoi gcinn de 27 dtír, beidh an daonra tar éis laghdú cheana féin faoi 2030 ([3]). I gcodarsnacht leis sin, tiocfaidh méadú faoi thrí ar dhaonra na hAfraice in aice láimhe linn faoi 2100.

2.4. Is iad na rátaí breithe agus báis, inimirce agus eisimirce na tosca déimeagrafacha cinntitheacha. Toisc chobhsaí lena gcuirtear fás chun cinn is ea an t-ionchas saoil, atá ag dul in airde. Seachas bristeacha gairide (amhail le linn na paindéime), tháinig ardú seasta ar an ionchas saoil san Eoraip ó 65 in 1950 go 79 in 2023, agus meastar go n-ardóidh sé go 89 faoi 2100.

2.5. Tá tionchar diúltach ag an ráta íseal torthúlachta, atá ag titim go fóill le blianta beaga anuas, ar fhorbairt an daonra. Tá sé faoi bhun an leibhéil athsholáthair, is é sin 2.1, ó 1975 i leith agus bhí sé ar leibhéal 1.46 leanbh in aghaidh na mná in 2022, i gcomparáid le 1.57 in 2016. In éineacht le roinnt tíortha san Áise Thoir, tá formhór Bhallstáit an Aontais ar chuid de na tíortha a bhfuil na rátaí torthúlachta is ísle ar domhan acu.

2.6. Léirítear i staitisticí **imirce** go bhfuil tionchar dearfach ag an imirce ar fhorbairt an daonra. De réir na Náisiún Aontaithe, chuaigh 2.3 milliún duine ar imirce chuig an Aontas in 2021, d'fhág 1.1 milliún duine an tAontas agus chuaigh 1.4 milliún duine ar imirce laistigh den Aontas ([4]).

2.7. **Athrú sna haoisghrúpaí**: Tá athrú ag teacht freisin ar an struchtúr aoise laistigh de dhaonra AE27. Ó 2002 go 2022, d'ardaigh cion an aoisghrúpa 65+ den daonra iomlán ó 16 % go 21 %, agus sa Phortaingéil agus san Iodáil d'ardaigh sé go 24 % fiú ([5]). Thit sciar na ndaoine atá faoi bhun 20 bliain d'aois ó 23 % go 20 %. Tháinig laghdú beag ar chion na ndaoine atá san aois phríomha oibre (20-64 bliana d'aois), ó 61 % go 59 %. Tá an cóimheas spleáchais seanaoise (líon na ndaoine atá 65+ in aghaidh gach 100 duine atá idir 15-64 bliana d'aois) ag athrú go tapa: meastar go dtiocfaidh méadú ar an gcóimheas sin ó 33.3:100 in 2023 go 45.5:100 in 2040, agus go 59.7:100 in 2100 ([6]), rud a chiallaíonn go mbeidh 59.7 duine atá ar scor ag brath ar 100 duine atá in aois fostaíochta.

2.8. **Difríochtaí náisiúnta agus réigiúnacha**: Go nuige seo, den chuid is mó ba é an t-ionchas saoil a bhí ag ardú ba chúis leis an méadú san aoisghrúpa 65+, ach tá dlús breise faoin treocht anois toisc cohóirt an bhabaíbhorrtha a bheith ag dul ar scor de réir a chéile, agus ag an am céanna tá cohóirt i bhfad níos lú ag dul isteach sa mhargadh saothair nó á mbreith. Tharla an babaíbhorradh in iarthar, i lár agus i dtuaisceart na hEorpa sa tréimhse go deireadh na 1960idí, i ndeisceart na hEorpa sa tréimhse go dtí na 1970idí agus i lár agus oirthear na hEorpa sa tréimhse go tús na 1990idí. Dá thoradh sin, tá glúin an bhabaíbhorrtha in iarthar, i lár agus i dtuaisceart na hEorpa ag dul ar scor cheana féin, agus an fhorbairt sin le tarlú fós i ndeisceart agus i lár agus oirthear na hEorpa.

([1]) Tá sciar na hAfraice de dhaonra an domhain tar éis méadú ó 9 % in 1960 go 17 % agus méadóidh sé go 38 % in 2100. *UN World Population Prospects* [Ionchais Daonra Dhomhanda na Náisiún Aontaithe].
([2]) Eurostat.
([3]) An Coimisiún Eorpach, *The Impact of demographic change – in a changing environment* [Tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh – i dtimpeallacht atá ag athrú], 2023.
([4]) Imirce agus tearmann san Eoraip – eagrán 2023.
([5]) Déimeagrafaíocht na hEorpa, Eagrán 2023.
([6]) An cóimheas cleithiúnais seanaoise réamh-mheasta.

2.9. Tá difríochtaí suntasacha náisiúnta á gceilt ag athruithe ar fhigiúirí daonra don Aontas trí chéile: tá éagsúlacht mhór sa torthúlacht idir an ráta is airde (an Fhrainc, 1.84) agus an ráta is ísle (Málta, 1.22). Thairis sin, tá glanimirce ollmhór amach ag tarlú i dtíortha i lár agus oirthear na hEorpa go háirithe, agus tá glanimirce ollmhór isteach, ó thíortha atá san Aontas agus ó thíortha nach bhfuil araon, ag tarlú i dtíortha in iarthar, i lár agus i dtuaisceart na hEorpa. Tá imirce shuntasach ag tarlú laistigh de na Ballstáit freisin, go háirithe ó réigiúin fhorimeallacha go réigiúin lárnacha.

3. **Éifeachtaí an aosaithe dhéimeagrafaigh**

3.1. Tá dúshláin agus tascanna suntasacha á gcruthú ag an treocht dhéimeagrafach. Tá iarmhairtí diúltacha aige sin don pholaitíocht, don gheilleagar, don tsochaí agus do dhaoine aonair freisin.

3.2. I dtosach, **an pholaitíocht dhomhanda**: Is é 5.6 % sciar an Aontais de dhaonra an domhain agus tá laghdú ag teacht ar an sciar sin, mar atá ar threise an Aontais mar ghníomhaí polaitiúil agus eacnamaíoch domhanda. ([7])

3.3. Bíonn tionchar ag aosú an daonra agus na dtoghthóirí ar **an bpolaitíocht intíre**. Mar sin féin, dírítear ar na haoisghrúpaí go léir i bhformhór na bhforógraí agus na mbeartas reatha ó na páirtithe polaitíochta. Beidh le feiceáil an leanfaidh an treocht sin ar aghaidh nó an amhlaidh, amach anseo, a bheidh athrú ann go beartais atá dírithe níos mó ar dhaoine scothaosta. Tá CESE suite de nach n-éireoidh i bhfad na haimsire ach le cláir siúd na bpáirtithe polaitiúla ina gcuirtear an dlúthpháirtíocht idirghlúine ([8]) agus, dá bhrí sin, inbhuanaitheacht an daonra san áireamh.

3.4. **An geilleagar agus an margadh saothair**: Braitheann acmhainneacht geilleagair agus a fhás ar roinnt príomhthosca amhail infheistíocht, nuálaíocht, dul chun cinn teicneolaíoch, lucht saothair oilte, gníomhach agus táirgiúil ó thaobh an gheilleagair de, agus líon na n-uaireanta an chloig a oibrítear. Tá an lucht saothair ionchasach san Aontas ag laghdú cheana féin. Anois féin, tá an ganntanas lucht saothair ar cheann de na baic is mó ar an bhfás, dar le gnólachtaí ([9]). D'fhéadfadh an digiteáil agus úsáid na hintleachta saorga feabhas a chur ar an táirgiúlacht, ach, de réir ECFE, tá laghdú ag teacht ar na rátaí fáis táirgiúlachta le fiche bliain anuas ([10]). Dá bhrí sin, gné amháin ba cheart a chur san áireamh is ea an t-am oibre. Tá tionchar aige sin ar OTI, rud a d'fhéadfadh fás níos moille i gcomparáid leis an bhfás san am a chuaigh thart. Tá tionchar ag an athrú déimeagrafach freisin ar an mbuiséid náisiúnta, ós rud é go mbeidh ar níos lú daoine an fiachas poiblí a íoc (agus a aisíoc). Anuas ar bhearta eile, beidh gá le cothromaíocht a bhaint amach idir cobhsaíocht fhioscach agus dóthain spáis don infheistíocht a thacaíonn leis an bhfás inbhuanaithe.

3.5. **An tsochaí agus an cultúr**: Chun ganntanais scileanna a mhaolú, ní mór gníomhú ar leibhéil éagsúla, lena n-áirítear oibrithe a mhealladh ó thíortha lasmuigh den Aontas. Ba cheart dea-sheirbhísí, amhail iad siúd a sholáthraíonn tacaíocht iomchuí teanga, chultúrtha agus phobail, a chur ar bun chun an comhtháthú sóisialta a éascú, chomh maith le céimeanna chun cóir chomhionann ar phá agus ar dhálaí oibre a ráthú chun a áirithiú go mbeidh cothrom iomaíochta ann. Is próiseas cómhalartach atá i gceist leis an lánpháirtiú agus teastaíonn iarrachtaí ón tsochaí ghlactha agus ó na himircigh féin ina leith. Is éard a léirítear leis an éagsúlacht ach deis don tsochaí, cé gur dúshlán don chomhtháthú sóisialta í an ilchineálacht anois freisin. Tá dúshlán á thabhairt do phrionsabal 'aontacht san éagsúlacht' an Aontais.

3.6. **Saoránaigh**: Tá riachtanais shonracha ag sochaí atá ag dul in aois agus iad éagsúil ó na riachtanais atá ag sochaí atá óg nó meánaosta. Mar thoradh ar an ráta íseal breithe fadtéarmach, is iomaí duine – daoine atá amach sna blianta go háirithe – nach bhfuil líonra teaghlaigh acu nó ar a laghad líonra atá dlúth go geografach, agus tá siad ag lorg bealaí nua chun pobail a thógáil chun go mbraithfidh siad go bhfuil tacaíocht á fáil acu agus chun an baol uaignis a laghdú. Tá ríthábhacht ag baint le cur chuige lena n-urramaítear agus lena gcuirtear chun cinn an ceart chun aosú le dínit, mar aon le cur chuige lena gcuirtear an saol iomlán san áireamh, chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin.

([7]) https://www.politico.eu/article/europe-on-the-wane-global-economics-demographics-gdp/ https://www.researchgate.net/figure/Share-of-European-Union-in-world-GDP-1980-2019-in_fig1_282001367.

([8]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — An dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn san Eoraip – i dtreo cur chuige cothrománach AE (IO C, C/2024/6869, 28.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/6869/oj).

([9]) Staidéar Fáis Eorpach, 2023; *Skill gap key investment bottleneck* [An bhearna scileanna ina príomhscrogall infheistíochta].

([10]) Coimre ECFE ar Tháscairí Táirgiúlachta, 2019 & 2024.

3.7. Is le lucht saothair (ranníocaíochtaí) den chuid is mó a mhaoinítear **córais tacaíochta sóisialta** (lena n-áirítear pinsin, cúram agus sláinte) agus, ag brath ar na cleachtais náisiúnta, déantar iad a chómhaoiniú le cánacha (ar shaothar) agus ar bhonn níos lú le nithe inchánacha eile (e.g. rachmas). Dá bhrí sin, braitheann siad ar leibhéil arda agus chobhsaí fostaíochta (a bhfuil seirbhís phoiblí dhea-fheidhmiúil fostaíochta mar bhonn taca leo) agus ar tháirgiúlacht ard. Tá dúshlán dúbailte roimh na córais cosanta sóisialta: ar thaobh amháin, bíonn de thoradh ar an déimeagrafaíocht go lagaítear an bonn; ar an taobh eile, tá an t-ualach atá ar an mbonn sin – líon na bpinsean agus líon na ndaoine a bhfuil cúram de dhíth orthu – ag dul i méid. Ina theannta sin, tá ganntanas lucht saothair ag cur as don chóras sláinte agus don chóras cúraim go háirithe.

4. **Bearta atá beartaithe**

4.1. Sa 'Bhosca Uirlisí le haghaidh gníomhaíochta' uaidh, tharraing an Coimisiún Eorpach aird cheana féin ar bhearta Eorpacha agus náisiúnta iomadúla atá dírithe ar an athrú déimeagrafach a bhainistiú. Is díol sásaimh do CESE na haidhmeanna atá leagtha amach don bhosca uirlisí agus is amhlaidh an cás le Coiste Eorpach na Réigiún mar is léir ón tuairim uaidh, An t-athrú déimeagrafach san Eoraip: bosca uirlisí le haghaidh gníomhaíochta ([11]).

4.2. **Tuilleadh leanaí trí thacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí**: Is é an ráta íseal breithe, atá ag dul i laghad go fóill, bunchúis an dúshláin dhéimeagrafaigh. Na cinntí maidir le teaghlach a thosú agus maidir le líon na leanaí a thabharfar ar an saol, is cinntí pearsanta iad, ach is mór an tionchar a bhíonn acu ar fhorbairt an mhargaidh saothair, an gheilleagair, na sochaí agus na gcóras sóisialta. D'fhonn an inbhuanaitheacht a bhaint amach, ba cheart tacaíocht a chur ar fáil do dhaoine trí bheartais agus trí bheartas teaghlaigh chun an chlann atá uathu a dhéanamh indéanta. Áirítear air sin margadh saothair a fheidhmíonn mar is ceart agus fostaíocht agus pá cuibhiúil ann agus tacaíocht airgeadais á cur ar fáil agus thar aon ní eile saoráidí cúraim leanaí atá inacmhainne agus inrochtana. Níor cheart ceangal a bheith ann idir an tuismitheoireacht, agus go háirithe an máithreachas. agus míbhuntáistí sa saol oibre. An ceart chun áit a fháil i naíscoil ó chéad bhreithlá linbh sa Ghearmáin agus an beartas éifeachtach teaghlaigh sa Fhrainc, is samplaí maithe iad den chaoi le dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

4.3. Tá laghdú ag teacht de réir a chéile ar **an meán-am oibre iarbhír** sa chuid is mó de na Ballstáit, ach tá difríochtaí suntasacha ann idir tíortha ([12]). Tá méadú ag teacht ar an obair pháirtaimseartha dheonach, agus cé go bhfuil an obair pháirtaimseartha ainneonach ag laghdú go ginearálta, tá sé fós ard i roinnt mhaith Ballstát ([13]). Ba cheart mná a spreagadh agus tacaíocht a thabhairt dóibh trí bheartas agus trí ghnólachtaí chun a gcuid uaireanta oibre a mhéadú. Mar sin féin, is minic nach mbíonn aon dreasacht ag oibrithe páirtaimseartha níos mó oibre a dhéanamh mar gheall ar chaillteanas sochar agus cánacha níos airde. Cé go bhféadfadh sé a bheith tairbheach an líon uaireanta oibre a mhéadú, ní mór gur cinneadh deonach é sin.

4.4. **Leas a bhaint as an acmhainneacht atá sa mhargadh saothair**: I bplean gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh , leagtar amach na bearta atá le cur chun feidhme ar leibhéal an Aontais agus ar leibhéal na mBallstát i gcomhar leis na comhpháirtithe sóisialta. I margadh saothair ionchuimsitheach, déantar acmhainneacht na sochaí a uasmhéadú, trí pháirt ghníomhach a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta, agus trí thacaíocht spriocdhírithe a chur ar fáil do ghrúpaí leochaileacha, amhail cúramóirí, daoine faoi mhíchumas, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, daoine scothaosta dífhostaithe, mná atá ag filleadh ar an obair, daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna, etc. D'éirigh leis an Ostair, mar shampla, daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine dífhostaithe scothaosta a chomhtháthú sa mhargadh saothair trí fhóirdheontais shealadacha a íoc le gnólachtaí. I dtíortha eile, áfach, ní raibh de thoradh ar fhóirdheontais do ghnólachtaí ach poist shealadacha do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach, rud atá ceangailte le fad na bhfóirdheontas seachas fostaíocht chobhsaí a chruthú. Dá bhrí sin, ba cheart fóirdheontais a cheangal le coinníollacha sonracha.

4.5. **Bíodh luach saothair le fáil as bheith ag obair trí phoist ardcháilíochta, dhea-íoctha agus tháirgiúla a bheith ann**: Ba cheart go mbeadh an obair níos tarraingtí ó thaobh airgeadais de ná fanacht lasmuigh den mhargadh saothair. Ciallaíonn sé sin pá cuibhiúil le haghaidh poist ardcháilíochta, lena ngabhann ranníocaíochtaí rialta slándála sóisialta, agus bearna shuntasach idir glanphá ([14]) agus sochair dhífhostaíochta agus ioncam íosta. Ba cheart anailís a dhéanamh ar an ding chánach maidir le hioncam saothair de réir na staide náisiúnta, agus caighdeáin mhaireachtála chuibhiúla á n-áirithiú do gach duine atá ag obair ag an am céanna. Chun gaistí bochtaineachta a sheachaint, ba cheart an cánachas i ndáil le saothar a bheith cothrom agus laghdaithe, go háirithe i gcás oibrithe ar ioncam níos ísle – toisc gur minic a bhíonn a bpá

([11]) https://cor.europa.eu/ga/our-work/opinions/cdr-1173-2024.

([12]) ***Dar le Eurostat, ba 36.2 uair an chloig in aghaidh na seachtaine a bhí ansin in 2011 agus 35.1 uair an chloig in 2023. https://ec.europa.eu/eurostat/databrowser/view/lfsa_ewhan2/default/table?lang=en***.

([13]) Suirbhé Eurostat ar an bhFórsa Saothair, agus faisnéis Cedefop maidir le riachtanais scileanna le haghaidh obair pháirtaimseartha ainneonach, bunaithe ar an suirbhé céanna.

([14]) Cur chun feidhme Threoir 2022/2041 maidir le pá íosta leordhóthanach.

'in iomaíocht' le sochair shóisialta. Ba cheart a áirithiú le bearta cánach freisin gur rogha í an obair pháirtaimseartha, ionas nach gcoinneofar daoine, mná den chuid is mó, sa tsáinn inar nach féidir leo ach obair pháirtaimseartha a dhéanamh. Chun córais leordhóthanacha tacaíochta sóisialta a ráthú a chuirfidh ar chumas daoine maireachtáil faoi dhínit, ní mór, mar chuid d'athchóiriú ar bith, bonn maoiniúcháin cobhsaí a áirithiú freisin ar mhaithe le córais slándála sóisialta. Oibrithe a leanann de bheith ag obair go lánaimseartha nó go páirtaimseartha tar éis dóibh dul ar scor, ba cheart iad a spreagadh ó thaobh airgeadais de chun é sin a dhéanamh tríd an bhféidearthacht íocaíochtaí páirteacha pinsin a chomhcheangal le fostaíocht, nó trí chearta nua pinsin a fhabhrú go leanúnach.

4.6. Trí fheabhas a chur ar na **dálaí oibre**, cuidítear le hoibrithe a choinneáil in earnáil ar leith nó oibrithe a mhealladh chuig an earnáil sin. Mar sin féin, níl ach éifeacht theoranta aige sin ar an soláthar foriomlán lucht saothair, toisc nach gciallaíonn feabhsuithe den sórt sin ach go n-athraíonn daoine ó earnáil go hearnáil nó phost go post; ní gá go gciallódh sé go mealltar oibrithe nua. Mar sin féin, de thoradh feabhas a chur ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht san ionad oibre agus de thoradh aistrithe post a spreagadh chun sláinte na n-oibrithe a chaomhnú, d'fhéadfaí an obair a chur i riocht níos sábháilte agus níos inbhuanaithe i gcaitheamh shaolré na n-oibrithe. Anuas air sin, d'fhéadfaí luathfhágáil an mhargaidh saothair a laghdú agus oibrithe a choinneáil ag an obair ar feadh tréimhse níos faide. Leagann CESE béim ar a thábhachtaí atá sé an *acquis* sóisialta Eorpach a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go cuí. Tá ról lárnach le himirt ag na comhpháirtithe sóisialta i ndáil leis sin. Leis an gcreat-chomhaontú Eorpach idir na comhpháirtithe sóisialta maidir leis an aosú gníomhach, agus le cur chuige idirghlúine, cuirtear creat maith ar fáil chun ionaid oibre a oiriúnú chun feabhas suntasach a chur ar chumas oibrithe de gach aois fanacht sa mhargadh saothair.

4.7. **Pinsin**: I bhfianaise daonra atá ag aosú agus ag laghdú, tá roghanna éagsúla ann chun córais phinsin phoiblí a mhaoiniú: ranníocaíochtaí a ardú ([15]), sochair a laghdú agus síneadh a chur leis an saol gníomhach oibre. Níl an chéad rogha inbhuanaithe; níl an dara rogha inmhianaithe. Is dearfach an rud é go bhfuil méadú ag teacht ní hamháin ar an ionchas saoil, ach ar an ionchas saoil shláintiúil freisin sa chuid is mó de na réigiúin ach ní sna réigiúin ar fad. Chun gur féidir le daoine rogha a dhéanamh níos mó blianta dea-shláinte a chaitheamh ag obair, is gá an timpeallacht oibre a chur in oiriúint do riachtanais na n-oibrithe scothaosta agus cur chuige lena gcuirtear an saol iomlán san áireamh a chur chun feidhme maidir leis an tsláinte agus an tsábháilteacht. Tá cineálacha éagsúla cur chuige ann ar fud an Aontais ós rud é go leagtar amach i gConarthaí an Aontais gurb iad na Ballstáit atá freagrach as córais pinsean a shainiú agus a cheapadh. Tá an aois scoir dhlíthiúil á nascadh ag roinnt Ballstát le hathruithe ar an ionchas saoil. Tá bearta á ndéanamh ag Ballstáit eile chun an mheánaois scoir atá ann faoi láthair a thabhairt níos gaire don aois reachtúil nó chun acmhainneacht an mhargaidh saothair nach bhfuil leas á baint aisti (mar shampla daoine nach bhfuil i mbun oideachais, fostaíochta ná oiliúna agus daoine atá dífhostaithe go fadtéarmach) a uasmhéadú chun inbhuanaitheacht na gcóras pinsin a spreagadh. Go dtí seo, áfach, níor thug ach naoi mBallstát athchóirithe pinsean isteach; déanfaidh sé Bhallstát eile amhlaidh faoi 2050.

4.8. Agus an cúlra náisiúnta sonrach á chur san áireamh, dá ndéanfaí an aois scoir a nascadh le hathruithe ar an ionchas saoil, ba chuidiú é sin chun fostaíocht níos faide agus níos táirgiúla a chur ar fáil, agus, san am céanna, ba chuidiú é chun na córais phinsin a chobhsú agus rannchuidiú leis an gceartas idirghlúine ar an gcaoi sin. Mar sin féin, ní mór aon ardú ar an aois scoir a thabhairt isteach san fhadtéarma, céim ar chéim, gan an muinín as na córais cosanta sóisialta a chur as riocht, agus ní bheadh sé indéanta an aois scoir a ardú in obair atá an-dian ar bhonn fisiciúil agus síceolaíoch. I measc na réamhchoinníollacha do na straitéisí uile arb é is aidhm dóibh síneadh a chur leis an saol gníomhach oibre, tá blianta saoil níos sláintiúla, a bhfuil galarchosc ag teastáil ina leith, lena n-áirítear eagrú oibre atá curtha in oiriúint do riachtanais lucht saothair atá ag dul in aois, cur chun cinn na sláinte san ionad oibre, agus stíl mhaireachtála chuí don duine aonair, agus córas dea-fheidhmiúil cúraim sláinte agus shóisialta mar bhonn taca leo sin uile. Ní mór bearta a bheith ag gabháil leis, bearta lena dtacaítear le daoine scothaosta ionas gur féidir leo fanacht infhostaithe: ba cheart a gcuid scileanna a choinneáil cothrom le dáta agus ba cheart an t-ionad oibre a bheith saor ó idirdhealú ó thaobh aoise de.

4.9. D'fhéadfadh buntáistí a bheith ag baint le síneadh a chur leis an saol oibre tar éis na haoise scoir reachtúla, cuir i gcás, tuilleann daoine ioncam agus pinsin níos airde, coinníonn gnólachtaí oibrithe a bhfuil taithí acu agus baintear an brú de chórais phinsin. Maidir le beartais lena ndreasaítear an cinneadh oibriú ar feadh tréimhse níos faide, agus a áirithíonn beartas gníomhach éifeachtach maidir leis an margadh saothair ag an am céanna chun fostaíocht daoine óga a spreagadh, d'fhéadfaidís rannchuidiú leis an dlúthpháirtíocht idirghlúine.

([15]) Chun ardleibhéal slándála sóisialta agus – go háirithe – ardleibhéal pinsean, a choinneáil, de réir na Tuarascála maidir le hAosú, chaithfí ranníocaíochtaí aonair a mhéadú go mór: an Tuarascáil maidir le hAosú, 2024.

4.10. **Cúram** ([16]): Bíonn de thoradh ar ionchas saoil níos faide go méadaítear líon na ndaoine a bhfuil cúram de dhíth orthu. Dá bhrí sin, ní mór cúram a fheabhsú trí fhorbairt a dhéanamh ar sheirbhísí cúraim fhoirmiúil lena dtacaítear le neamhspleáchas na ndaoine a bhfuil cúram de dhíth orthu. Ní mór tacú leis na daoine go léir a bhfuil cúram de dhíth orthu ionas go leanfaidh siad de bheith neamhspleách agus ionchuimsithe sa phobal is rogha leo. Ní mór tacaíocht a thabhairt do chúramóirí teaghlaigh, go háirithe má tá siad fós ag obair. Ós rud é gur ar mhná fós a thiteann formhór na ndualgas cúraim, is gá tacú le dáileadh níos cothroime na dtascanna cúraim idir fir agus mná agus saoráidí leordhóthanacha cúraim leanaí a sholáthar. Ba cheart faireachán rialta a dhéanamh sa Seimeastar Eorpach ar spriocanna athbhreithnithe Barcelona. Tugadh aghaidh ar shaoráidí cúraim do dhaoine spleácha leis an Straitéis Eorpach um Chúram agus leis an moladh maidir le rochtain ar chúram fadtéarmach ar ardchaighdeán Mar sin féin, tá infheistíocht phoiblí leordhóthanach sa chúram (bonneagar, lucht saothair etc.) ríthábhachtach chun cuspóirí na saoráidí sin a bhaint amach. D'iarr CESE go seolfaí Ráthaíocht Eorpach um Chúram, chun rochtain ar chúram sláinte agus seirbhísí cúraim inacmhainne ar ardchaighdeán a áirithiú do gach duine a bhfuil cónaí air nó uirthi san Aontas. (Féach tuairim SOC/741)

4.11. **An imirce agus an lánpháirtíocht**: Beart amháin chun ganntanais scileanna a mhaolú is ea inimirce náisiúnach tríú tír cáilithe agus d'fhéadfadh sé cásanna a chruthú a rachadh chun tairbhe do na tíortha seolta agus do na tíortha glactha araon, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha cearta. Is céim thábhachtach í an treoir maidir le Cárta Gorm AE i dtreo tallann eachtrach a mhealladh. Mar sin féin, ní mór don Eoraip tuilleadh a dhéanamh sa chath domhanda leanúnach chun tallann a fháil. Ní mór d'inimirce daoine cáilithe agus do mheaitseáil tairiscintí poist le hoibrithe éirí níos éasca. Beidh ról ríthábhachtach ag Linn Tallainne an Aontais Eorpaigh ([17]) chuige sin.

4.12. Ba cheart go mbeadh de thoradh ar bhearta lánpháirtíochta go mbeadh sé tarraingteach do thallann eachtrach fanacht san Aontas. Chomh maith leis sin, ní mór anailís a dhéanamh ar na cúiseanna is bun leis an eisimirce **ón** Aontas, go háirithe chuig na Stáit Aontaithe, agus aghaidh a thabhairt orthu.

4.13. Is iomaí constaic atá roimh roimh dhídeanaithe agus roimh dhaoine easáitithe eile maidir le lánpháirtíocht agus maidir le rochtain ar an margadh saothair. D'fhéadfadh sé sin a bheith amhlaidh de bharr: easpa buncháilíochtaí agus scileanna teanga; deacrachtaí ó thaobh aitheantas a fháil do cháilíochtaí agus/nó stádas inimirce sealadach neamhchinnte; idirdhealú maidir le rochtain a fháil ar an margadh saothair agus ar sheirbhísí – mar shampla áit chónaithe; agus iarrachtaí neamhleora chun imircigh áirithe a lánpháirtiú. D'fhéadfadh na tosca sin go léir cur leis an easpa lánpháirtíochta sóisialta.

4.14. Le **saorghluaiseacht oibrithe**, d'fhéadfaí an lucht saothair a mheaitseáil le folúntais ar fud an Aontais ar bhealach níos fearr agus, dá chionn sin, d'fhéadfadh sé cuidiú leis an dífhostaíocht a laghdú. Mar sin féin, ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, d'fhéadfadh tionchar díobhálach a bheith aige sin, mar shampla imirce daoine oilte, go háirithe ó lár agus oirthear na hEorpa agus ó réigiúin fhorimeallacha, lena n-áirítear na hoileáin. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na réimsí sin agus infheistíocht a dhéanamh iontu ó na **cistí struchtúracha agus infheistíochta chun tacú le fiontair atá ann cheana – agus chun bunú fiontar nua a chothú – lena gcruthófar poist ardcháilíochta agus lena gcuirfear seirbhísí ar fáil**, ionas go bhféadfaidh an lucht saothair fanacht sa réigiún. Toisc gur féidir oibriú ón mbaile, tá feabhas tagtha ar réigiúin imeallacha agus ar réigiúin atá lag ó thaobh struchtúir de mar áiteanna chun maireachtáil iontu agus chun bheith ag obair iontu. Chun imirce daoine oilte laistigh den Aontas a sheachaint, tá cóineasú eacnamaíoch agus sóisialta aníos tábhachtach.

([16]) Tuairimí ó CESE maidir leis an gcúram.
Tuairim ó CESE An dlúthpháirtíocht idir na glúnta a chur chun cinn san Eoraip (nár foilsíodh go fóill san Iris Oifigiúil).
An Straitéis Eorpach um Chúram (IO C 140, 21.4.2023, lch. 39).
An ról atá ag baill teaghlaigh a thugann aire do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine scothaosta: an méadú ollmhór a tháinig ar an bhfeiniméan sin le linn na paindéime (IO C 75, 28.2.2023, lch. 75).
Lucht Saothair na Sláinte agus Straitéis Chúraim do Thodhchaí na hEorpa (IO C 486, 21.12.2022, lch. 37).

([17]) Tuairim Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa — Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le Soghluaisteacht Scileanna agus Tallainne (COM(2023) 715 final) — Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear linn tallainne an Aontais Eorpaigh (COM(2023) 716 final — 2023/0404 (COD)) — Togra le haghaidh moladh ón gComhairle An Eoraip ag Bogadh – deiseanna soghluaisteachta foghlama do chách (COM(2023) 719 final) — Moladh ón gCoimisiún maidir le cáilíochtaí náisiúnach tríú tír a aithint (C(2023) 7700 final) (IO C, C/2024/4067, 12.7.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/4067/oj).

4.15. I bhfianaise an mhéid sin, ba cheart **an déimeagrafaíocht a phríomhshruthú** i ngach togra beartais agus measúnú tionchair ábhartha. Chuige sin, tá gá le tuilleadh taighde agus staidrimh agus ba cheart eolas faoi dhéimeagrafaíocht ar leibhéal an Aontais a scaipeadh. Chun an méid sin a bhaint amach, molann CESE **Gníomhaireacht Eorpach um Dhéimeagrafaíocht** a chur ar bun d'fhonn taighde agus staidreamh sa réimse sin a áirithiú, agus comhar le gníomhaireachtaí atá ann cheana, amhail Cedefop agus Eurofound, agus maoiniú leordhóthanach dóibh a áirithiú ag an am céanna. Ar an gcaoi chéanna, molann CESE go dtacófaí leis an gCoimisinéir Eorpach um Dhéimeagrafaíocht trí struchtúr iomchuí laistigh den Choimisiún Eorpach.

An Bhruiséil, 18 Meán Fómhair 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE